## A1 Topaic 7

## 04 Teangacha Cuid a Dó

## Labhairt

2

## 04 Teangacha

**Le múineadh:**


- Eolas faoi theangacha a lorg agus a thabhairt, a rá cé chomh maith is atá teanga agat agus a rá cé chomh furasta nó deacair atá rud éigin.

3

## Ag Comhaireamh

- Cé mhéad seomra codlata sa teach?
  - trí cinn.


- ceann amháin
- dhá cheann
- trí cinn
- ceithre cinn
- cúig cinn
- sé cinn



4

©GaeilgegoDeo 2023

## Cé mhéad atá ann?



5

## Cé mhéad?

- **Ceann amháin** - Béarla
- **Dhá cheann** – Fraincis agus Spáinnis.
- **Trí cinn** – Gaeilge, Béarla agus Sínis.
- **Ceithre cinn** - Iodáilis, Gréigis, Rúisis agus Béarla.
- **Cúig cinn** - Gaeilge, Fraincis, Spáinnis agus Portaingéilis

6

## Cé mhéad?

***Cé mhéad teanga atá agat?***

- ceann amháin
- dhá cheann
- trí cinn
- ceithre cinn
- cúig cinn
- sé cinn

7

©GaeilgegoDeo 2023

## Caint le chéile

- **Beidh chomhrá agaibh mar shampla:**

- An bhfuil Fraincis nó Spáinnis nó Iodáilis…agat?
- Tá/Níl. An bhfuil Fraincis agat féin?

- Cé mhéad teanga atá agat?
- Dhá cheann. Cé mhéad teanga atá agat féin?

8

## Caint le chéile

- Cad iad na teanga atá agat?

- Tá Gaeilge agus Béarla agam. Cad iad na teangacha atá agat féin?

9

## Bileog
## Teangacha
## Cé mhéad teanga?
## A&B

10

©GaeilgegoDeo 2023

## Cé mhéad teanga?

- Tá ceathrar iarratasóirí ag cur isteach ar phost mar mhúinteoir teanga i nGaillimh.
- Tá cuid de gach próifíl ag Duine A agus an chuid eile ag Duine B.
- Tá ceithre leath ag gach foghlaimeoir agus má oibríonn sibh le chéile agus má roinneann sibh an t-eolas críochnóidh sibh gach próifíl.

11

## Cé mhéad teanga?

- Déan iarracht an tasc a dhéanamh as Gaeilge trí cheisteanna ar nós:

- *Cad iad na teangacha atá aige / aici?*
- *Cad is ainm don duine?*
- *Cad as é/í?*

- Cuirfidh Duine B ceisteanna ar Duine A ar dtús agus líonfaidh sé/sí uimhir 1 & 2 isteach.

12

## Cé mhéad teanga? - Freagraí

**1**

- *Cad is ainm don duine?*
- *Cad as é/í?*
- *Cad iad na teangacha atá aige / aici?*

**Ainm:** Carlos Lopez
**Náisiúntacht:** Meicsiceach
**Teangacha:** Spáinnis agus…
**Fraincis**

13

©GaeilgegoDeo 2023

## Cé mhéad teanga? - Freagraí

**2**

- *Cad is ainm don duine?*
- *Cad as é/í?*
- *Cad iad na teangacha atá aige / aici?*

**Ainm:** Sinéad Ní Chróinín

**Náisiúntacht:** Éireannach

**Teangacha:** Gaeilge agus…

**Béarla**

14

## Cé mhéad teanga? - Freagraí

**3**

- *Cad is ainm don duine?*
- *Cad as é/í?*
- *Cad iad na teangacha atá aige / aici?*

**Ainm:** Antoinette Depaul

**Náisiúntacht:** Francach

**Teangacha:** Polainnis agus …

**Fraincis**

15

## Cé mhéad teanga? - Freagraí

**4**

- *Cad is ainm don duine?*
- *Cad as é/í?*
- *Cad iad na teangacha atá aige / aici?*

**Ainm:** Sergio Rossi

**Náisiúntacht:** Iodálach

**Teangacha:** Iodáilis, Gréigis Fraincis agus…

**Sínis**

16

©GaeilgegoDeo 2023

## Cé mhéad teanga?

- Cé dó a dtabharfá an post agus cén fáth?
- Inis dom cén fáth.

17

## Cé mhéad teanga?

- Cé mhéad teanga atá agat féin?
- Scríobh síos na teangacha atá agat.
- Mar shampla:


  Tá ceithre cinn agam, Béarla, Gaeilge,

  Fraincis agus Spáinnis.
- Faigh amach cé mhéad teanga atá ag do pháirtnéir.

18

## Cumas sa teanga

- **Tá Fraincis líofa agam.**
- **Tá Fraincis mhaith agam.**
- **Tá Fraincis measartha maith agam.**
- **Tá beagán Fraincise agam.**
- **Níl ach cúpla focal agam.**
- **Níl Fraincis ar bith agam.**



19

©GaeilgegoDeo 2023

## Cumas sa teanga

- **Tá Fraincis líofa agam.**
- **Tá Fraincis mhaith agam.**
- **Tá Fraincis measartha maith agam.**
- **Tá beagán Fraincise agam.**
- **Níl ach cúpla focal agam.**
- **Níl Fraincis ar bith agam.**

20

## Cumas sa teanga

- **Éist liom**
- Fraincis mhaith
- Gearmáinis mhaith
- Iodáilis mhaith
- Gaeilge mhaith

- Cad a thugann tú faoi deara faoin aidiacht *maith*?

21

## Cumas sa teanga

- Tá na teangacha go léir a chríochnaíonn in *-is* baininscneach agus mar sin bíonn séimhiú ar an aidiacht ina ndiaidh:
- *Fraincis mhaith*
- *Gearmáinis mhaith*
- Focal baininscneach é *Gaeilge* freisin: *Gaeilge mhaith.*
- Focal **firinscneach** é ***Béarla***: *Béarla maith.*

22

©GaeilgegoDeo 2023

## Cumas sa teanga

- Déan cleachtadh, i d'aonar nó le páirtí.
- Beidh **A** ag cur na gceisteanna faoin gcumas atá ag an duine eile sna teangacha atá ar eolas acu agus **B** ag tabhairt na bhfreagraí.

23

## Cumas sa teanga

**Mar shampla:**
**A:** ***An bhfuil Gaeilge agat?***

**B:** ***Tá cúpla focal agam. Tá mé ag foghlaim Gaeilge faoi láthair.***

**A:** ***An bhfuil Béarla agat?***

**B:** ***Tá, tá Béarla líofa agam.***

24

**Bileog**

**Teangacha**

**Súirbhe**

25

©GaeilgegoDeo 2023

## Súirbhe

| Teanga | líofa | maith | measartha maith | beagán | faic |
|---|---|---|---|---|---|
| Béarla | | | | | |
| Gaeilge | | | | | |
| Fraincis | | | | | |
| Gearmáinis | | | | | |
| Spáinnis | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

26

## Súirbhe

- Ag obair i ngrúpaí de chúigear
- Tá spás ar an mbileog chun gur féidir libh teangacha eile atá agaibh a scríobh isteach.
- Scríobhfaidh siad ar fad na freagraí síos.
- Is féidir leis an gcéad duine an dara duine a cheistiú, an dara duine an tríú duine a cheistiú agus mar sin ar aghaidh.

27

## Súirbhe

*Ceisteanna:*

- *An bhfuil Béarla agat?*
- *An bhfuil Gaeilge agat?*
- *An bhfuil Fraincis agat?*

- Freagraíonn gach foghlaimeoir, ag insint cén cumas atá acu sa teanga sin.
- Mar shampla: *Tá. Tá Béarla líofa agam.*

28

©GaeilgegoDeo 2023


## Súirbhe

- Nuair a bheidh sibh críochnaithe ba cheart do dhuine agaibh as gach grúpa tuairisc a thabhairt don rang faoi na torthaí, mar shampla:
- *Sa ghrúpa seo tá Béarla líofa ag triúr agus Béarla measartha maith ag beirt. Tá an cúigear againn ag foghlaim Gaeilge.*

29

## Deacair – éasca?


- **Tá sé ródheacair**
- **Tá sé an-deacair**
- **Tá sé furasta/éasca go leor**
- **Tá sé an-fhurasta/éasca**



30

## Deacair – éasca?

- **Tá sé ródheacair**
- **Tá sé an-deacair**
- **Tá sé furasta/éasca go leor**
- **Tá sé an-fhurasta/éasca**



31

©GaeilgegoDeo 2023

## Deacair – éasca?



- Tá tú ag foghlaim Gaeilge.
- An bhfuil sí deacair nó éasca?
- An bhfuil Béarla deacair nó éasca le foghlaim?
- An bhfuil Fraincis deacair nó éasca le foghlaim?



32

**Bileog**
**Teangacha**
**Leibhéal deacrachta**
**A&B**

33

## Leibhéal deacrachta

- Tá liosta de theangacha agus de scileanna difriúla sa bhosca thíos.
- Cum ceisteanna mar seo: *An bhfuil Béarla an-éasca?*
- Beidh ar do pháirtnéir a thuairim faoi gach ceann a chur in iúl duit freisin.

34

©GaeilgegoDeo 2023

## Leibhéal deacrachta

- Féach ar an gcomhrá samplach:
- Duine A: An bhfuil Béarla an-éasca?
- Duine B: Níl, tá Béarla éasca go leor.
- Tá sé ródheacair
- Tá sé an-deacair
- Tá sé furasta/éasca go leor
- Tá sé an- fhurasta/éasca

35

## Leibhéal deacrachta

- cócaireacht
- Sínis
- Fraincis
- tiomáint
- clóscríobh
- Gaeilge
- snámh
- amhránaíocht
- Spáinnis
- Béarla
- tiomáint
- ceol
- sciáil
- Iodáilis

36

## 04 Teangacha

**Le múineadh:**

- Eolas faoi theangacha a lorg agus a thabhairt, a rá cé chomh maith is atá teanga agat agus a rá cé chomh furasta nó deacair atá rud éigin.

37

©GaeilgegoDeo 2023 